**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 160/2019**

**an 14 Meitheamh 2019**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2152]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014, aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 9b (Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XVII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32014 R 0517**: Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 4(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 31 Nollaig 2016'.

(b) In Airteagal 5(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2017'.

(c) In Airteagal 12(3)(c), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2017'.

(d) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 14 go 19 ná ag Airteagal 25(2).'

*Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 21aq (Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32014 R 0517**: Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

([1]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 195.
([2]) IO L 161, 14.6.2006, lch. 1.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 4(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 31 Nollaig 2016'.

(b) In Airteagal 5(2), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2017'.

(c) In Airteagal 12(3)(c), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019' a léifear in ionad na bhfocal 'an 1 Eanáir 2017'.

(d) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 14 go 19 ná ag Airteagal 25(2).'

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.